Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**8830/24**

**CONUN 100**
**ONU 52**
**DEVGEN 54**
**ACP 44**
**COAFR 144**
**COLAC 52**
**COASI 62**
**COEST 243**
**CLIMA 164**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS)<br>- (Conclúidí ón gComhairle – an 7 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS), a ghlac an Chomhairle ag an 4021ú cruinniú a bhí aici an 7 Bealtaine 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS)**

1. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach (AE) agus dá Bhallstáit gur tionóladh an ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS)[1] ón 27 go dtí an 30 Bealtaine 2024 in Antigua agus Barbúda. Tá an téama 'An Bealach a Réiteach i dtreo Rathúnas Buanseasmhach' an-ábhartha do SIDS agus don Aontas araon. Is díol sásaimh don Aontas gur ainmníodh 2024 mar Bhliain Idirnáisiúnta SIDS, lena dtugtar deis thábhachtach chun barúlacha SIDS a phríomhshruthú ar an gclár oibre idirnáisiúnta.

2. Tá dlús á chur ag an Aontas lena chomhpháirtíocht le SIDS ar an leibhéal polaitiúil, agus le hionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ón lucht gnó chomh maith. Tá an tAontas tiomanta go hiomlán dá chomhar a fhorbairt le Comhaontas na Stát Oileánach Beag (AOSIS) agus lena Bhiúró, faoi chathaoirleacht Shamó faoi láthair.

[1] 39 Stát: Antigua agus Barbúda, na Bahámaí, Barbadós, an Bheilís, Cabo Verde, Oileáin Chomóra, Oileáin Cook, Cúba, Doiminice, Fidsí, Greanáda, Guine Bissau, an Ghuáin, Háítí, Iamáice, Cireabaití, Oileáin Mhaildíve, Stáit Chónaidhme na Micrinéise, Oileáin Marshall, Oileán Mhuirís, Nauru, Niue, Palau, Nua-Ghuine Phapua, Samó, São Tomé agus Príncipe, Singeapór, San Críostóir-Nimheas, Naomh Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, na Séiséil, Oileáin Sholomón, Suranam, Tíomór Thoir, Tonga, Oileán na Tríonóide agus Tobága, Tuvalu, Vanuatú. 18 gComhalta comhlachaithe de Choimisiúin Réigiúnacha na Náisiún Aontaithe: Samó Mheiriceá, Anguilla, Arúba, Beirmiúda, Cúrasó, Comhlathas na nOileán Máirianach Thuaidh, Guadalúip, Guam, Martinique, Montserrat, An Nua-Chaladóin, Oileáin Bhriotanacha na Maighdean, Oileáin Cayman, Polainéis na Fraince, Pórtó Ríce, Sint Maarten, Oileáin Turks agus Caicos, Oileáin Mheiriceánacha na Maighdean.

3. Tá áit ríthábhachtach ag Stáit oileánacha i Muir Chairib, san Aigéan Ciúin, san Atlantach, san Aigéan Indiach agus i Muir na Síne Theas. Toisc gur beag iad den chuid is mó – ó thaobh na tíreolaíochta de agus ó thaobh an daonra de – d'fhéadfadh iarmhairtí díréireacha, eiseacha fiú a bheith ag aon suaitheadh dá sochaithe, dá ngeilleagair agus dá gcultúir, go háirithe do mhná agus do chailíní, agus do dhaoine eile atá i staideanna leochaileacha mar shampla pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla. Toisc gur oileáin iad – is minic a bhíonn siad íseal agus iargúlta – is beag cosaint in aon chor atá acu ar dhrochthionchair adhaimsire agus ar eachtraí a bhaineann leis an athrú aeráide a thagann chun cinn go mall, mar shampla ardú ar leibhéal na mara agus ionsá sáile. Braitheann SIDS ar an aigéan, níos mó ná tíortha eile, i ndáil lena ngeilleagar, rialáil ar a miocraeráid, a gcultúr agus cúrsaí áineasa. Dá bhrí sin, tá siad an-leochaileach i ndáil le tionchair an athraithe aeráide, neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus cothaithe, truailliú muirí, cailliúint na bithéagsúlachta muirí, laghdú na n-acmhainní fionnuisce, gaineamhlú, creimeadh cósta, díghrádú talún, agus gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

4. Cé go bhfuil SIDS i mbrollach an chatha, is dúshlán agus freagracht iad na saincheisteanna sin do bhallraíocht iomlán na Náisiún Aontaithe, a tháinig le chéile i mí Mheán Fómhair 2023 ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun a dhearbhú a dhéanamh i ndáil lena 'gealltanas Clár Oibre 2030 agus a SFInna (Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe) a chur chun feidhme go héifeachtach agus na prionsabail uile a chumhdaítear ann a chaomhnú.' Tá an tAontas tiomanta tacú leis an obair sa treo sin. Breithneoidh ballraíocht na Náisiún Aontaithe freisin na dúshláin shonracha atá roimh SIDS ag an gCruinniú Mullaigh maidir le hArdú ar Leibhéal na Mara i mí Mheán Fómhair 2024 agus ag an gcéad Chomhdháil eile de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, i mí an Mheithimh 2025.

5. Aithníonn an tAontas an ról atá ag SIDS maidir le forbairtí dearfacha a threorú, go háirithe sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus i gcosaint an chomhshaoil. Bhí SIDS ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le géarchéimeanna domhanda comhshaoil, mar shampla trí 'limistéir mhuirí faoi chosaint' a chruthú ina n-uiscí, rud a athbhunaigh gnáthóga agus a chosain an bhithéagsúlacht, agus trí gheilleagair ghorma inbhuanaithe a áirithiú. Tá an bealach á réiteach ag SIDS freisin do ghníomhú níos cuimsithí ar son na haeráide, do chreataí beartais agus d'acmhainneachtaí.

6. Thug Conair SAMOA 2014 (Modhanna Gníomhaíochta Luathaithe SIDS) creat soiléir le haghaidh gníomhaíochta lena 15 Réimse Tosaíochta. Tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair le SIDS maidir leis na tosaíochtaí, atá le socrú in Antigua agus Barbúda, a chur chun feidhme. Is den ríthábhacht é go ndéanfar gníomhaíocht spriocdhírithe leanúnach idir seo agus an chéad chomhdháil eile (in 2034) .

7. Is díol sásaimh don Aontas an tInnéacs Ilghnéitheach Leochaileachta (IIL) atá beartaithe agus iarrann sé go bhformhuineofar go pras é, ós rud é go bhfuil dúshláin agus leochaileachtaí forbartha roimh SIDS nach léirítear go leordhóthanach sna hinnéacsanna coiteanna náisiúnta ioncaim mar shampla OTI agus OIN per capita. Trí níos mó sonraí agus sonraí imdhealaithe a bhailiú, ba cheart do MVI tuiscint níos fearr a thabhairt chun bonn eolais a chur faoi chinntí. Molann an tAontas do na hinstitiúidí forbartha uile cur leis an uirlis nua sin, chun tosca leochaileachta a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ina n-anailís agus ina ngníomhaíocht. Tá súil ag an Aontas oibriú lena chomhpháirtithe uile lena chinntiú go n-aithnítear agus go gcomhlíontar riachtanais shonracha na dtíortha atá i mbéal forbartha.

8. Is díol sásaimh don Aontas an Rún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 21 Nollaig 2020, a bhaineann leis an ‘Athbhreithniú Cuimsitheach Ceathairbhliantúil ar an mBeartas maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla chun córas na Náisiún Aontaithe a fhorbairt’, agus tá sé réidh chun dul i mbun caibidlíochta maidir leis an gcéad athbhreithniú eile chun a áirithiú go leanfaidh córas forbartha na Náisiún Aontaithe de thacaíocht níos fearr a thabhairt do SIDS.

9. Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát tiomanta ról cuiditheach a bheith acu roimh an ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le SIDS (SIDS4), lena linn agus ina dhiaidh, ar fud na dtosaíochtaí a sainaithníodh sa dréacht-doiciméad toraidh. Chuige sin, comhoibreoidh siad a thuilleadh leis na comhpháirtithe atá tiomanta freisin oibriú ar mhaithe le SIDS, go háirithe, Fo-Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe agus an tArdionadaí do na Tíortha is Lú Forbairt, Tíortha Talamhiata atá i mBéal Forbartha agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, agus Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe. Is díol sásaimh don Aontas gur bhunaigh Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Forbartha (DCO) oifig chomhordaitheora chónaitheach agus foireann thíortha na Náisiún Aontaithe don Mhicrinéis i mí Dheireadh Fómhair 2021, lena gcumhdaítear Stáit Chónaidhmithe na Micrinéise, Cireabas, Nárú, Oileáin Palau agus Oileáin Marshall. Molann an tAontas an obair atá á déanamh ag Coiste Stiúrtha na Náisiún Aontaithe maidir le Comhpháirtíochtaí do SIDS chun comhpháirtíochtaí a chur chun cinn. I bhfianaise éagsúlacht SIDS, tá rannpháirtíocht ar an leibhéal réigiúnach agus le heagraíochtaí réigiúnacha SIDS tábhachtach freisin.

10. Cuireann an tAontas in iúl gur mór aige an dlúth-chomhpháirtíocht le SIDS i gcaibidlíocht na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid. Is mór ag an Aontas SIDS mar phríomh-chomhpháirtithe chun béim a leagan ar an ngá atá le gníomhaíocht luathaithe láithreach, phráinneach, mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha IPCC, IPBES agus IRP. Is díol sásaimh don Aontas cinneadh COP28 maidir leis an Athbhreithniú Domhanda. D'oibrigh an tAontas agus a Bhallstáit go dlúth le SIDS chun torthaí COP28 a bhaint amach, lena n-áirítear aistriú ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, ag cur dlús le gníomhaíocht sna 10 mbliana criticiúla seo. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit den chomhar le comhpháirtithe a neartú chun rannchuidithe uaillmhianacha arna gcinneadh go náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar rannchuidithe iad lena dtugtar aghaidh ar bhealach éifeachtach ar na gealltanais a tugadh san Athbhreithniú Domhanda , lena n-áirítear spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair atá ailínithe leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C, chomh maith le Clár Oibre Feabhsaithe Líoma a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Aontas an cinneadh maidir le socruithe nua cistiúcháin a oibríochtú, lena n-áirítear ciste chun cúnamh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach ó thaobh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus iad ag déileáil le caillteanas agus damáiste. Gheall an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht shuntasach a thabhairt don chiste, agus do na socruithe cistiúcháin atá ann cheana lena dtacaítear le tíortha atá an-leochaileach ó thaobh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus iad ag déileáil le caillteanas agus damáiste. Tá an tAontas tiomanta do bheith ag obair go dlúth leis na comhpháirtithe chun dlús a chur leis an aistriú glas agus chun tairbhe a bhaint as agus chun tacú le gealltanais dhomhanda a chur chun feidhme. Tá an tAontas lánchinnte faoi acmhainneacht an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite muirí, don gheilleagar aigéanbhunaithe agus do limistéir eile atá suntasach ó thaobh na forbartha inbhuanaithe de. Tathantaíonn an tAontas ar chomhaltaí G20 ceannaireacht a ghlacadh i ndáil leis sin, ós rud é gurb ionann iad agus beagnach 80 % d'astaíochtaí domhanda agus go bhfuil ról lárnach acu maidir le dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil.

11. Trínár gComhpháirtíochtaí Glasa agus ár gcúnamh comhair, tacaíonn an tAontas le SIDS chun Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme. Tá ár dtuairimí i gcomhréir le cosaint agus athbhunú na n-aigéan, lena n-áirítear tríd an gComhaontú maidir leis an mBithéagsúlacht Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta a dhaingniú, a theacht i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go pras, agus trí ullmhú do ghealltanais uaillmhianacha ag an tríú Comhdháil Aigéin de chuid na Náisiún Aontaithe in Nice i mí an Mheithimh 2025. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit a thábhachtaí atá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), lena soláthraítear an creat dlíthiúil nach mór na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí a dhéanamh laistigh de. Rinne Ballstáit uile an Aontais Rún 77/276 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a chomhurrú inar iarradh tuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le hoibleagáidí na Stát i ndáil leis an athrú aeráide. Oibreoidh an tAontas go dlúth freisin le SIDS, a bhfuil tionchar ar leith ag truailliú plaisteach ar a shlite beatha, chun an chaibidlíocht maidir le hionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2024 chun deireadh a chur leis an sciúirse sin. Leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar a thábhachtaí atá sé neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030 agus is díol sásaimh di COP16 a bheith ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac san Araib Shádach ós é seo an t-am chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht náisiúnta agus dhomhanda maidir le hathchóiriú talún, sláinte ithreach, athléimneacht i gcás triomaigh agus an t-aistriú glas.

12. Le rochtain chomhionann ar thairbhí na digiteála, claochlú digiteach na sochaithe, an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht (ETN), mar aon le hoideachas cothrom ardcháilíochta, tugtar deiseanna iontacha forbairt shocheacnamaíoch chuimsitheach a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an tráchtáil a leathnú chun drochthionchair na hiargúltachta a shárú; D’fhéadfadh sé freisin cuidiú le rannchuidithe uaillmhianacha arna gcinneadh go náisiúnta a shainiú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu agus tacú le hoiriúnú don athrú aeráide. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag obair tríd an Mol Digiteach don Fhorbairt chun idirphlé a chur chun cinn le réigiúin chomhpháirtíochta, lena n-áirítear Muir Chairib agus an tAigéan Ciúin, chun claochlú digiteach inbhuanaithe atá dírithe ar an duine a chothú.

13. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit leis na hiarrachtaí leanúnacha chun an Ollstruchtúr Idirnáisiúnta Airgeadais agus na bainc forbartha iltaobhacha a athchóiriú, ag tógáil ar threochlár Chomhaontú Pháras do Dhaoine agus don Phláinéad agus ar Chlár Oibre Bridgetown 2.0. Táimid ag tnúth leis an bplé ar an athchóiriú, lena n-áirítear i gcomhthéacs Chruinniú Mullaigh na Todhchaí agus an ceathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta, a bheidh ar siúl sa Spáinn in 2025.

14. Ní mór é a bheith mar aidhm na hacmhainní is gá ó gach foinse a shlógadh, mar iarracht dhomhanda, chun Clár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme ar bhealach iomlán luathaithe, lena n-áirítear leachtacht a mhéadú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as maoiniú lamháltais tearc. Is chun leasa choitinn é aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus ar neamhionannais dhomhanda, agus earraí poiblí domhanda a chosaint, chun a áirithiú nach mbeidh ar aon tír rogha a dhéanamh idir an bhochtaineacht a chomhrac agus an comhrac ar son an phláinéid. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an tAontas agus na Ballstáit le forbairt ionstraimí nuálacha maoiniúcháin mar shampla clásail fiachais maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide do na tíortha is leochailí.

15. Is comhpháirtí seanbhunaithe de SIDS é an tAontas, agus tacaíonn sé leo na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Cheana féin, is iad an tAontas agus a Bhallstáit le chéile mar Fhoireann na hEorpa an deontóir is mó do SIDS, a thugann cistiú dar luach níos mó ná EUR 1.2 billiún i bhfoirm cúnamh oifigiúil um fhorbairt déthaobhach, agus ranníocaíochtaí a cuireadh ar fáil trí eagraíochtaí iltaobhacha in 2022. Faoina straitéis Global Gateway, tá an tAontas agus a Bhallstáit, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, ag dul i gcomhpháirtíocht le SIDS trí infheistíochtaí a dhéanamh san earnáil dhigiteach, sa chomhshaol, san aeráid agus san fhuinneamh, san iompar, sa tsláinte, san oideachas agus sa taighde. Tá tionscnaimh shuaitheanta straitéiseacha roghnaithe á gcistiú ag an Aontas a théann chun tairbhe SIDS, mar shampla Tionscnamh na mBannaí Glasa Domhanda, an Comhaontas Glas Gorm don Aigéan Ciúin, agus iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phlá algaí Sargassum sa Mhuir Chairib. Cistí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (ó mhí na Nollag 2022), EUR 3.47 billiún do SIDS, i bhfoirm línte creidmheasa d'institiúidí creidmheasa áitiúla chun tacú le FBManna, infheistíochtaí bonneagair a mhaoiniú, agus i bhfuinneamh, seirbhísí, sláinte, oideachas, talmhaíocht agus iascach. Tá clár tacaíochta EUR 35 bhilliún á mhaoiniú ag an Aontas freisin do SIDS san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus do thíortha cósta, lena n-áirítear an clár Biospáis i Muir Chairib, an clár Bithspáis san Aigéan Ciúin, agus tacaíocht do Chiste Comhpháirtíochta na nÉiceachóras Criticiúil san Aigéan Indiach Thiar.

16. Faoina Chlár Daonnúil um Ullmhacht do Thubaistí, tá an tAontas Eorpach ag tacú le neartú na n-údarás náisiúnta agus na bpobal áitiúil le 30 bliain anuas chun iarmhairtí tubaistí nádúrtha a thuar, freagairt dóibh agus téarnamh uathu, ar tubaistí iad a bhfuil fíorbheagán cosanta ag SIDS uathu. Cuirfear dlús leis an gcomhar sa réimse sin trí Mheabhrán Tuisceana maidir le Bainistiú Rioscaí Tubaistí idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a thabhairt i gcrích a bheidh le síneadh in 2024 agus trí shraith idirphlé AE-MLC maidir le hullmhacht do thubaistí a sheoladh. Meabhraítear don Aontas a thábhachtaí atá sé tacú leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an tionscnamh Luathrabhaidh do Chách, go háirithe maidir le bearnaí móra sonraí ó SIDS a dhúnadh i ndáil le breathnóireacht aimsire agus aeráide, lena n-áirithítear go mbeidh na rabhaidh iomchuí do na riachtanais áitiúla, agus go scaipfear iad ar na pobail áitiúla.

17. Thairis sin, tá an tAontas ag obair tríd an Global Gateway chun infheistíochtaí in SIDS ón earnáil phríobháideach a mhealladh agus a ghiaráil. Tosaíocht straitéiseach is ea acmhainneacht infheistíochta na hearnála príobháidí a ghiaráil, a shaothraítear trí fheabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar an timpeallacht infheistíochta, deireadh a chur le bacainní trádála teicniúla, cothroime iomaíochta a áirithiú agus uirlisí airgeadais a úsáid chun cistí a charnadh isteach. Tríd an gcreat gníomhaíochta sin, cuireann an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) ráthaíochtaí ar fáil d’infheisteoirí san earnáil phríobháideach trí institiúidí maoinithe forbartha.

18. Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas agus a Bhallstáit le Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ESACC), i mí na Samhna 2023. Tá an Comhaontú seo an-ábhartha i gcás SIDS, toisc gur comhaltaí de ESACC iad beagnach gach ceann acu. Leagtar síos leis ardleibhéal uaillmhéine don chomhar ESACC-AE maidir le príomhphrionsabail choiteanna mar shampla cearta an duine, an daonlathas, an tsíocháin agus an tslándáil, an fhorbairt dhaonna agus shóisialta, an t-athrú aeráide agus an comhshaol, agus an imirce agus an tsoghluaisteacht. Maidir le SIDS, cuireann Comhaontú Comhpháirtíochta creat ar fáil chun tionchar a imirt ar thionscnaimh dhomhanda agus iad a chur chun cinn, agus chun comhdhearcadh a chothú agus a fhorbairt maidir leis na hábhair is criticiúla dóibh, leis an Aontas agus ar an scála domhanda, de mheon na comhpháirtíochta. Leis na trí Phrótacal réigiúnacha nua – cuid de Chomhaontú Comhpháirtíochta – éascófar malartuithe agus comhar atá curtha in oiriúint do riachtanais agus do dhinimic gach réigiúin. Leis an gcur chuige nua sin, is féidir comhar feabhsaithe a bheith ann ar fud na réigiún ar fad maidir le príomh-shaincheisteanna do SIDS, mar shampla an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil agus rialachas na n-aigéan. Tá tionchar dearfach ar gheilleagair na dtíortha lena mbaineann léirithe ag na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) atá sínithe ag an Aontas le comhpháirtithe. As na 33 Stát ESACC a bhfuil CCEnna acu leis an Aontas, is SIDS iad 21 acu. Fearann an tAontas fáilte roimh Niue, Tonga agus Túvalú chuig CCE AE-an Aigéin Chiúin, atá ar tí a bpróiseas aontachais a chur i gcrích. Tá an tAontas ag tnúth le caidreamh cuimsitheach, a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, a fhorbairt le SIDS thar an gcomhar atá ann cheana. Oibreoidh an tAontas chun an comhar idir SIDS agus oileáin eile a chur chun cinn, go háirithe leis na Réigiúin is Forimeallaí (RFanna) agus leis na Tíortha agus Críocha Thar Lear (TCTLanna) de chuid an Aontais, a bhfuil roinnt saintréithe coiteanna acu leo.

19. Ag féachaint romhainn amach, cuirfidh an tAontas lena chomhpháirtíocht le SIDS trí chomhar agus idirphlé, lena n-áirítear maidir le dúshláin dhomhanda, cúnamh teicniúil agus tacaíocht d'fhothú acmhainneachta, ag cur le comhaontuithe ag Cruinniú Mullaigh SFI 2023 agus SIDS4 chun a áirithiú go mbeidh rath ar Chruinniú Mullaigh na Todhchaí i mí Mheán Fómhair 2024, agus chun na torthaí a thabhairt chuig an ceathrú Comhdháil um Maoiniú Forbraíochta.

20. Tá an tAontas ag tnúth le comhdháil SIDS4 agus leis an gcéad Chlár Gníomhaíochta SIDS eile ina mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha go léir rannpháirteach go fóinteach, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus an óige. Táimid réidh chun rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir Gníomhaíochta, trí chomhar sna réimsí tosaíochta mar shampla an t-athrú aeráide, fuinneamh agus an comhshaol, an geilleagar gorm agus glas, SIDS a chuimsiú sna margaí domhanda, cúnamh oifigiúil um fhorbairt, rochtain níos éasca ar mhaoiniú agus infheistíochtaí aeráide, forbartha agus oiriúnaithe.